



# Foirm Chláraithe

1 Meán Fómhair 2018 – 31 Deireadh Fómhair 2019

## 1. SONRAÍ

Ainm: \_\_\_\_\_

Seoladh: \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

Uimhir fón póca: \_\_\_\_\_

Seoladh ríomhphoist: \_\_\_\_\_

An bhfuil tú os cionn 18 mbliana d'aois?

Tá

Níl

(Muna bhfuil, tabhair dáta breithe: \_\_\_\_\_)

Neasghaol:

*Sonraí teagmhála duine gaolta leat, le húsáid i gcás éigeandála*

Ainm & gaol: \_\_\_\_\_ Uimhir ghutháin: \_\_\_\_\_

## 2. SÍNTIÚS (Cuir tic sa bhosca cuí)

€50.00

**Síntiús iomlán:** más iad Na Cnocadóirí an t-aon chlub ina bhfuil tú i do bhall.

€40.00

**Síntiús laghdaithe:** más iad Na Cnocadóirí an t-aon chlub ina bhfuil tú i do bhall, agus muna bhfuil tú fostaithe faoi láthair (m.sh. dífhostaithe, ar scor, mac léinn, cúramóir).

€25.00

**Comhbhallraíocht:** Má tá tú i do bhall de chlub eile nó i do bhall aonair de Shléibhteoireacht Éireann (MI). **Ainm an chlub eile:** \_\_\_\_\_ **Uimhir ar do chárta MI:** \_\_\_\_\_

€15.00

**Comhbhallraíocht laghdaithe:** Má tá tú i do bhall de chlub eile nó i do bhall aonair de Shléibhteoireacht Éireann (MI) agus muna bhfuil tú fostaithe faoi láthair (m.sh. dífhostaithe, ar scor, mic léinn). **Ainm an chlub eile:** \_\_\_\_\_ **Uimhir ar do chárta MI:** \_\_\_\_\_

## 3. DEARBHÚ PEARSANTA

Tuigim

- gur spórt dainséarach í an chnocadóireacht agus gur orm féin atá an fhreagracht agus mé á déanamh
- go gcaithfidh an trealamh agus feisteas cuí a bheith agam
- go mbeidh mé freagrach as mo chuid gníomhartha agus iompair féin
- go gcaithfidh mé cloí le rialacha agus treoracha a leagann an coiste nó an treoraí amach.

Tuigim na rioscaí sin agus glacaim go toilteanach leo.

Tá mé aclaí go leor le tabhairt faoin gcnocadóireacht agus níl aon fhadhb sláinte agam a d'fhéadfadh cur isteach orm agus mé ag siúl. (Ní mór aon ábhar buartha ó thaobh sláinte de a chur in iúl don treoraí ag tús gach siúlóide.)

Síniú: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

**Coinneofar do chuid sonraí ar fad príobháideach agus faoi rún.**

**CONAS IS FÉIDIR AN TÁILLE A ÍOC?**

Líon an fhoirm. Glacfar le cóip chrua nó leis an leagan leictreonach. Tá trí bhealach ann chun an síntiús a íoc.

**1. An t-airgead a íoc díreach isteach i gcuntas bainc.**

Líon an Fhoirm Chláraithe ar líne ag [www.cnocadoiri.com](http://www.cnocadoiri.com). Cuirfear na sonraí bainc chugat ansin agus beidh tú in ann an t-airgead a íoc díreach isteach sa chuntas.

**2. Airgead tirim**

Tabhair an fhoirm agus an síntiús do dhuine den Choiste (nuair a bheidh tú amuigh ar shiúlóid nó ag imeacht eile, nó ag an gCruinniú Cinn Bhliana).

**3. Seic nó Ordú Poist/Bainc**

Cuir ríomhphost chuig [cnocadoiri@yahoo.com](mailto:cnocadoiri@yahoo.com) chun seoladh an chisteora a fháil chun seic a chur chugainn. Bíodh seiceanna nó orduithe iníoctha le **Na Cnocadóirí**.

**CAD IAD NA BUNTÁISTÍ A BHAINNEANN LE BALLRAÍOCHT I SLÉIBHTEOIREACHT ÉIREANN?**

Tá go leor buntáistí ag baint le ballraíocht MI, m.sh.

- **Árachas:** Is spórt dainséarach í an chnocadóireacht, agus ní mór d'aon duine a théann amach ag siúl árachas a bheith aige/aici. Íocfaidh Na Cnocadóirí táille árachais le MI ar do shon.
- **Lacáistí:** Gheobhaidh tú cárta ballraíochta ón MI má íocann tú síntiús iomlán leis Na Cnocadóirí. Leis an gcárta sin, is féidir leat lacáiste a fháil óna lán siopaí a dhíolann feisteas agus trealamh sléibhteoireachta.
- **Irisleabhar:** Gheobhaidh tú cóip den iris The Irish Mountain Log in aisce sa phost ceithre huair sa bhliain.
- **Imeachtaí:** Deis freastal ar chainteanna, léachtaí agus ócáidí eile de chuid an MI.

Tá eolas breise faoi Shléibhteoireacht Éireann ar fáil ar [www.mountaineering.ie](http://www.mountaineering.ie)

**RIALACHÁN GINEARÁLTA MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ**

Clárófar gach ball an Chlub mar bhall de Sléibhteoireacht Éireann. Is le Sléibhteoireacht Éireann amháin a roinnfear na sonraí ar an bhfoirm seo. Ní roinnfear an t-eolas le haon duine, le haon chomhlacht ná le haon eagrais eile. Scriosfar na sonraí bliain amháin tar éis chríoch na ballraíochta.